Poist nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chomhlacht i nDún na nGall a bheidh ag cruthú a lán post nua. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo? Bainigí úsáid as www.focal.ie mura bhfuil sibh cinnte.

- the most positive employment announcement
- research
- healthcare equipment manufacturing
- analysers
- investment
- the area of medical diagnostics
- young graduates
- appropriate skills
- expansion

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas?

66, €25 milliún, 474, 3

Ceist 3 **A**. Anois, féach ar an tuairisc arís. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta

Joe McHugh TD, Aire Stáit na Gaeltachta

An Dochtúir Ciarán Richardson, Bainisteoir Taighde agus Forbartha

Pat the Cope Gallagher, Iar-Fheisire Eorpach

Ceist 4 Féach ar na focail seo. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach?

fógra, údarás, leigheas, galar, scéal, ceantar, stiúrthóir, céimí, réigiún, feidhmeannach, bia

Athscríobh na focail sna boscaí cuí anois sa tábla thíos agus an t-alt leo. Lean na samplaí atá déanta.

An t-uisce	**An cat**

Ceist 5 *'…is dearfaí…'*

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Líon na boscaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach aidiacht.

Aidiacht		
cráite	níos	is
saor	níos	is
ciúin	níos	is
spéisiúil / bródúil	níos	is
leithleach / dearfach	níos *leithlí*, *dearfaí*	is *leithlí, dearfaí*
deacair	níos	is
eolaíoch /imníoch	níos	is

3. Cad faoi na heisceachtaí seo?

   beag, mór, dian, fada, maith

Ceist 6 '…66 oibrí…' agus '…25 milliún…'

Cad is féidir leat a rá faoi na hainmfhocail a leanann na huimhreacha sna samplaí thuas? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a chuideoidh na poist nua seo i gCo. Dhún na nGall leis an bpobal agus leis an gceantar go ginearálta?
2. An gceapann tú go bhfuil deireadh ag teacht leis an gcúlú eacnamaíochta in Éirinn? Cén fáth?
3. Ar mhaith leat féin post a fháil san áit ar tógadh tú nó arbh fhearr leat dul thar lear chun obair a fháil? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
the most positive employment announcement – *an fógra is dearfaí fostaíochta*
research – *taighde*
healthcare equipment manufacturing – *déantúsaíocht gléasanna leighis*
analysers – *anailíseoirí*
investment – *infheistíocht*
the area of medical diagnostics – *réimse diagnóisic leighis*
young graduates – *céimithe óga*
appropriate skills – *scileanna cuí*
expansion – *borradh*

Ceist 2

66: oibrí	*'*In 2008 a bunaíodh *Randox Teoranta* ar an Chlochán Liath. Tá 66 ann faoi láthair.'
€25 milliún:	*'*Fógraíodh infheistíocht de €25 milliún inniu a chruthóidh 474 post breise san ionad seo sa Chlochán Liath.'
474:	*'*Fógraíodh infheistíocht de €25 milliún inniu a chruthóidh 474 post breise san ionad seo sa Chlochán Liath.'
3	'Seo rud iontach don cheantar seo, ní hamháin do na Rosa agus na trí pharóiste anseo ach don chontae agus don cheantar go léir.'

Ceist 3
Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta
"Seo é, cheapfainn, an scéal is dearfaí mar gheall ar an gcineál gnó atá ann inniu. Feicimid, tá súil agam, tús aiséirí na fostaíochta i nGaeltacht Iarthuaisceart Dhún na nGall."
Joe McHugh TD, Aire Stáit na Gaeltachta
"Scéal ollmhór don réigiún agus don chontae é seo. Agus, bhí deis agam i lár an tsamhraidh an tsárobair atá ar siúl anseo a fheiceáil le mo shúile féin."
An Dochtúir Ciarán Richardson, Bainisteoir Taighde agus Forbartha
"Má tá daoine ar shiúl as baile agus b'fhéidir gur mhaith leo a theacht chun an bhaile, creidim go bhfuil an teachtaireacht ann inniu go bhfuil an seans acu a theacht chun an bhaile, agus beidh postanna maithe ar fáil anseo."
Pat the Cope Gallagher, Iar-Fheisire Eorpach
"Seo rud iontach don cheantar seo, ní hamháin do na Rosa agus na trí pharóiste anseo ach don chontae agus don cheantar go léir."

Ceist 4
Tá na focail firinscneach. Ní athraítear tús ainmfhocail fhirinscnigh tar éis an ailt má thosaíonn sé ar chonsan. Má thosaíonn sé le guta, cuirtear t- roimhe.

An t-uisce	**An cat**
an t-údarás	an fógra
	an leigheas
	an galar
	an scéal
	an ceantar
	an stiúrthóir
	an céimí
	an réigiún
	an feidhmeannach
	an bia

Ceist 5

1. Céimeanna comparáide na haidiachta atá i gceist.

2.

Aidiacht		
cráite	níos *cráite*	is *cráite*
saor	níos *saoire*	is *saoire*
ciúin	níos *ciúine*	is *ciúine*
spéisiúil / bródúil	níos *spéisiúla, bródúla*	is *spéisiúla, bródúla*
leithleach / dearfach	níos *leithlí*, *dearfaí*	is *leithlí, dearfaí*
deacair	níos *deacra*	is *deacra*
eolaíoch /imníoch	níos *eolaíche, imníche*	is *eolaíche, imníche*

3. *Beag – níos lú, is lú. Mór – níos mó, is mó. Dian – níos déine, is déine. Fada – níos faide, is faide. Maith – níos fearr, is fearr.*

Ceist 6

<u>66 oibrí</u>

An moladh atá ann le fada ná gan aon athrú a chur i bhfeidhm ar an ainmfhocal tar éis na n-uimhreacha nuair a scríobhtar i bhfigiúirí iad. Molann an Caighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe anois áfach an t-athrú tosaigh is cuí a chur i bhfeidhm ar an ainmfhocal de réir rialacha na mbunuimhreacha. Sa chás thuas ní bheadh aon athrú i gceist – 66 oibrí, ach 66 chéimí agus 68 gcéimí.

<u>25 milliún</u>

Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocal a leanann uimhir atá inroinnte ar a deich.

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
An fógra is dearfaí fostaíochta do Ghaeltacht Dhún na nGall le fada. Sin a dúirt Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta faoi fhógra infheistíochta €25 milliún ar *Randox Teoranta* inniu. Cuirfidh an comhlacht eolaíochta agus leighis, atá lonnaithe ar an gClochán Liath, leis an bhfoireann oibre ansin ó 66 oibrí go 540 idir seo agus 2020.

Áine Ní Bhreisleáin
In 2008 a bunaíodh *Randox Teoranta* ar an Chlochán Liath. Tá 66 oibrí ann faoi láthair, ag díriú ar thaighde agus déantúsaíocht gléasanna sláinte. Anseo táirgtear[1] tástálacha agus anailíseoirí do ghalair ar nós *Alzheimer's* agus ailse. Déantar ábhair le fuil a scrúdú agus bia a thástáil. Fógraíodh infheistíocht de €25 milliún inniu a chruthóidh 474 post breise san ionad seo sa Chlochán Liath.

Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta
Seo é, cheapfainn, an scéal is dearfaí mar gheall ar an gcineál gnó atá ann inniu. Feicimid, tá súil agam, tús aiséirí na fostaíochta i nGaeltacht Iarthuaisceart Dhún na nGall.

Joe McHugh TD, Aire Stáit na Gaeltachta
Scéal ollmhór don réigiún[2] agus don chontae é seo. Agus bhí deis agam i lár an tsamhraidh an tsárobair atá ar siúl anseo a fheiceáil le mo shúile féin[3].

Áine Ní Bhreisleáin
Tugadh cuireadh do phríomhoidí meánscoile na contae[4] inniu leis an scéal a scaipeadh faoin fhostaíocht a bheidh ar fáil sa réimse diagnóisic leighis agus eolaíochta uaidh seo go ceann sé bliana.

An Dochtúir Ciarán Richardson, Bainisteoir Taighde agus Forbartha
Má tá daoine ar shiúl as baile agus b'fhéidir gur mhaith leo a theacht chun an bhaile, creidim go bhfuil an teachtaireacht[5] ann inniu go bhfuil an seans acu a theacht chun an bhaile, agus beidh postanna[6] maithe ar fáil anseo.

Pat the Cope Gallagher, Iar-Fheisire Eorpach
Seo rud iontach don cheantar seo, ní hamháin do na Rosa agus na trí pharóiste anseo ach don chontae agus don cheantar go léir.

Áine Ní Bhreisleáin
Dúirt stiúrthóir *Randox,* an Dochtúir Peter FitzGerald, go dteastaíonn uatha deiseanna oibre a thabhairt de chéimithe óga ón réigiún chun ligean dóibh teacht ar ais chun an bhaile le cónaí.

Idir seo agus an bhliain 2020 táthar ag súil go mbeidh *Randox Teoranta* in ann os cionn 500 céimí leis na scileanna cuí eolaíochta a mhealladh le teacht ag obair ina ionad anseo ar an Chlochán Liath. Tá muintir na háite ag súil go gcuirfidh fógra an lae inniu borradh faoi eacnamaíocht an cheantair máguaird.

Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, ar an Chlochán Liath i gContae Dhún na nGall.

---

[1] *táirgítear* a deirtear
[2] *faoin réigiún* a deirtear
[3] *le feiceáil le mo shúile féin an sárobair atá ar siúl anseo* a deirtear
[4] Is focal baininscneach é *contae* i roinnt canúintí, cé go bhfuil sé firinscneach sa Chaighdeán Oifigiúil.
[5] *message* a deirtear
[6] *poist* atá sa Chaighdeán Oifigiúil